2025/2159

31.10.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2159 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Deireadh Fómhair 2025

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2284 a mhéid a bhaineann le tuairisciú maoirseachta agus nochtuithe ag gnólachtaí infheistíochta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 806/2014 ([1]), agus go háirithe Airteagal 54(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2284 ón gCoimisiún ([2]), tugadh isteach an creat tuairiscithe rialála le haghaidh córas stuamachta gnólachtaí infheistíochta faoi Rialachán (AE) 2019/2033. Le hAirteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2284 maidir le formáid agus minicíocht an tuairiscithe ó ghnólachtaí infheistíochta nach gnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha iad, déantar crostagairt do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún ([3]).

(2) Mar gheall ar na hathruithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2024/1623 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), rinneadh athbhreithniú ar an gcreat tuairiscithe a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451. Mar thoradh air sin, aisghaireadh an Rialachán Cur Chun Feidhme sin agus cuireadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 ón gCoimisiún ina ionad ([6]).

(3) Chun am leordhóthanach a thabhairt do ghnólachtaí infheistíochta a gcóras inmheánach féin a oiriúnú agus na ceanglais tuairiscithe athbhreithnithe a chomhlíonadh, ba cheart maolú a leagan síos lena gcuirfí siar dáta íocaíochta na chéad oibleagáide tuairiscithe ráithiúla tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(4) Ba cheart roinnt gnéithe den athbhreithniú a tugadh isteach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 a léiriú sna ceanglais tuairiscithe is infheidhme maidir le gnólachtaí infheistíochta, cé nach bhfuil gnéithe eile ceaptha a bheith leasaithe. Go sonrach, ba cheart an tuairisciú ar rioscaí creidmheasa agus luachála creidmheasa an chontrapháirtí a bheith mar an gcéanna i gcás gnólachtaí infheistíochta a roghnaíonn forálacha ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chur i bhfeidhm agus i gcás institiúidí creidmheasa. Os a choinne sin, ba cheart an tuairisciú ar cheanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh, is é sin K-fhachtóir 'riosca an ghlansuímh' (K-NPR), a bheith

([1]) IO L 314, 5.12.2019, lgh. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2033/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2284 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2021 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tuairisciú maoirseachta agus nochtuithe ag gnólachtaí infheistíochta (IO L 458, 22.12.2021, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/2284/oj).
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tuairisciú maoirseachta institiúidí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014 (IO L 97, 19.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/451/oj).
([4]) Rialachán (AE) 2024/1623 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann le ceanglais le haghaidh riosca creidmheasa, riosca um choigeartú luachála creidmheasa, riosca oibriúcháin, riosca margaidh agus an t-íosráta aschuir (IO L 2024/1623, 19.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1623/oj) .
([5]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj).
([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2024 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tuairisciú maoirseachta institiúidí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2021/451 ón gCoimisiún (IO L 2024/3117, 27.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3117/oj).

éagsúil idir institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, i bhfianaise na modhnuithe a tugadh isteach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 le haghaidh institiúidí creidmheasa, amhail fachtóirí iolrúcháin agus mionchoigeartuithe eile a thabhairt isteach. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a chur i bhfeidhm agus a thuairisciú mar a leagtar síos i gCuid a Trí, Teideal IV, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 sa leagan a bhí i bhfeidhm an 26 Meitheamh 2019 roimh na modhnuithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]).

(5) Chun comhleanúnachas a áirithiú idir creat tuairiscithe na n-institiúidí creidmheasa agus creat tuairiscithe na ngnólachtaí infheistíochta i gcás inarb ionann an creat rialála a chuirtear i bhfeidhm, agus chun foráil a dhéanamh maidir le rialacha sonracha i gcás nach ionann an creat rialála is infheidhme maidir le gnólachtaí infheistíochta agus institiúidí creidmheasa, ba cheart Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2284 a leasú.

(6) Chun comhlíonadh na gceanglas tuairiscithe a éascú, ba cheart na híoscheanglais bheachtais a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2284 a choigeartú.

(7) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2284 a leasú dá réir sin.

(8) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) faoi bhráid an Choimisiúin.

(9) Ós rud é go bhfuil na leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2284 bunaithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 agus nach bhfuil athruithe suntasacha i dtéarmaí substainteacha i gceist leo, i gcomhréir le hAirteagal 15(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharrlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), ní dhearna ÚBE comhairliúcháin phoiblí oscailte, ná ní dhearna sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ná níor iarr sé tuairim ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 den Rialachán sin, ós rud é go mbeadh sé an-díréireach i ndáil le raon feidhme agus tionchar na ndréachtchaighdeán teicniúil cur chun feidhme,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2284 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2(1), cuirtear an dara fomhír seo a leanas isteach:

'De mhaolú ar an gcéad fhomhír, cuirfidh gnólachtaí infheistíochta nach gnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha iad isteach an fhaisnéis a leagtar amach i dteimpléad C 25.01 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 (*) ón gCoimisiún le haghaidh aon dáta tagartha idir mí Eanáir agus mí Aibreáin 2026 faoin 30 Meitheamh 2026 ar a dhéanaí.';

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2024 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tuairisciú maoirseachta institiúidí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2021/451 ón gCoimisiún (IO L 2024/3117, 27.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3117/oj).';

([7]) Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann leis an gcóimheas luamhánaithe, leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, leis na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, leis an bpriacal creidmheasa contrapháirtí, leis an bpriacal margaidh, leis na risíochtaí ar chontrapháirtithe lárnacha, leis na risíochtaí ar ghnóthais chomhinfheistíochta, leis na risíochtaí móra, leis na ceanglais tuairiscithe agus nochta, agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 150, 7.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/876/oj).

([8]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj).

(2) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2, 3 agus 4:

'2. Gnólachtaí infheistíochta, nach gnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha iad, a dhéanann an ceanglas de réir K-fhachtóirí RtM a chinneadh ar bhonn K-NPR i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2019/2033, tuairisceoidh siad ar bhonn ráithiúil an fhaisnéis a shonraítear i dteimpléid C 18.00 go C 24.00 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán seo i gcomhréir leis na treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Gnólachtaí infheistíochta, nach gnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha iad, a bhaineann leas as an maolú a leagtar síos in Airteagal 25(4) de Rialachán (AE) 2019/2033, tuairisceoidh siad ar bhonn ráithiúil an fhaisnéis a shonraítear i dteimpléad C 34.02 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117, cé is moite den fhaisnéis ar an íosráta aschuir, i gcomhréir leis na treoracha is infheidhme.

4. Gnólachtaí infheistíochta, nach gnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha iad, a bhaineann leas as an maolú a leagtar síos in Airteagal 25(5), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2019/2033, tuairisceoidh siad ar bhonn ráithiúil an fhaisnéis a shonraítear i dteimpléad C 25.01 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 i gcomhréir leis na treoracha is infheidhme.';

(3) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1, pointe (b), pointe (i):

'(i) déanfar pointí sonraí a bhfuil an cineál sonraí 'Airgeadaíoch' ag gabháil leo a thuairisciú trí úsáid a bhaint as beachtas íosta atá coibhéiseach le deich mílte aonad';

(4) Déantar an téacs in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a chur isteach mar Iarscríbhinn X.

(5) Déantar an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a chur isteach mar Iarscríbhinn XI.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

'IARSCRÍBHINN X

CEANGLAS FACHTÓIR RtM K A THUAIRISCIÚ AR BHONN K-NPR

TEIMPLÉID LE hAGHAIDH GNÓLACHTAÍ INFHEISTÍOCHTA			
Uimhir an teimpléid	**Cód an teimpléid**	**Ainm an teimpléid/an ghrúpa teimpléad**	**Ainm gairid**
		RIOSCA MARGAIDH	**MKR**
18	C 18.00	RIOSCA MARGAIDH: CUR CHUIGE CAIGHDEÁNAITHE I dTACA LE RIOSCAÍ SUÍMH IN IONSTRAIMÍ FIACHAIS TRÁDÁILTE	MKR SA TDI
19	C 19.00	RIOSCA MARGAIDH: CUR CHUIGE CAIGHDEÁNAITHE I dTACA LE RIOSCAÍ SONRACHA IN URRÚSUITHE	MKR SA SEC
20	C 20.00	RIOSCA MARGAIDH: CUR CHUIGE CAIGHDEÁNAITHE I dTACA LE RIOSCAÍ SONRACHA SA PHUNANN TRÁDÁLA COMHGHAOIL	MKR SA CTP
21	C 21.00	RIOSCA MARGAIDH: CUR CHUIGE CAIGHDEÁNAITHE I dTACA LE RIOSCAÍ SUÍMH I gCOTHROMAIS	MKR SA EQU
22	C 22.00	RIOSCA MARGAIDH: CINEÁLACHA CUR CHUIGE CAIGHDEÁNAITHE I dTACA LE RIOSCAÍ MALAIRTE EACHTRAÍ	MKR SA FX
23	C 23.00	RIOSCA MARGAIDH: CINEÁLACHA CUR CHUIGE CAIGHDEÁNAITHE I dTACA LE TRÁCHTEARRAÍ	MKR SA COM
24	C 24.00	SAMHLACHA INMHEÁNACHA I LEITH RIOSCA MARGAIDH	MKR IM

C 18.00 – RIOSCA MARGAIDH: CUR CHUIGE CAIGHDEÁNAITHE I dTACA LE RIOSCAÍ SUÍMH IN IONSTRAIMÍ FIACHAIS TRÁDÁILTE (MKR SSA TDI)

Airgeadra:

		SUÍOMHANNA					CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE	MÉID IOMLÁN NA NEAMHCHOS-ANTA AR RIOSCA
		GACH SUÍOMH		GLANSUÍOMH-ANNA		SUÍOMH-ANNA FAOI RÉIR MUIREAR CAIPITIL		
		FADA	GEARR	FADA	GEARR			
		0010	0020	0030	0040	0050	0060	0070
0010	**IONSTRAIMÍ FIACHAIS TRÁDÁILTE SA LEABHAR TRÁDÁLA**							Cill nasctha le CA2
0011	**Riosca ginearálta**							
0012	Díorthaigh							
0013	Sócmhainní agus dliteanais eile							
0020	Cur chuige bunaithe ar aibíocht							
0030	Crios 1							
0040	0 ≤ 1 mhí							
0050	> 1 ≤ 3 mhí							
0060	> 3 ≤ 6 mhí							
0070	> 6 ≤ 12 mhí							
0080	Crios 2							
0090	> 1 ≤ 2 (1.9 i gcás cúpóin níos lú ná 3 %) bhliain							
0100	> 2 ≤ 3 (> 1.9 ≤ 2.8 i gcás cúpóin níos lú ná 3 %) bliana							
0110	> 3 ≤ 4 (> 2.8 ≤ 3.6 i gcás cúpóin níos lú ná 3 %) bliana							
0120	Crios 3							
0130	> 4 ≤ 5 (> 3.6 ≤ 4.3 i gcás cúpóin níos lú ná 3 %) bliana							

		SUÍOMHANNA					CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE	MÉID IOMLÁN NA NEAMHCHOS-ANTA AR RIOSCA
		GACH SUÍOMH		GLANSUÍOMH-ANNA		SUÍOMH-ANNA FAOI RÉIR MUIREAR CAIPITIL		
		FADA	GEARR	FADA	GEARR			
		0010	0020	0030	0040	0050	0060	0070
0140	> 5 ≤ 7 (> 4.3 ≤ 5.7 i gcás cúpóin níos lú ná 3 %) mbliana							
0150	> 7 ≤ 10 (> 5.7 ≤ 7.3 i gcás cúpóin níos lú ná 3 %) mbliana							
0160	> 10 ≤ 15 (> 7.3 ≤ 9.3 i gcás cúpóin níos lú ná 3 %) bliain							
0170	> 15 ≤ 20 (> 9.3 ≤ 10.6 i gcás cúpóin níos lú ná 3 %) bliain							
0180	> 20 (> 10.6 ≤ 12.0 i gcás cúpóin níos lú ná 3 %) bliain							
0190	(> 12.0 ≤ 20.0 i gcás cúpóin níos lú ná 3 %) bliain							
0200	(> 20 i gcás cúpóin níos lú ná 3 %) bliain							
0210	Cur chuige bunaithe ar fhad							
0220	Crios 1							
0230	Crios 2							
0240	Crios 3							
0250	**Riosca sonrach**							
0251	Ceanglas cistí dílse le haghaidh ionstraimí fiachais nach ionstraimí urrúsúcháin iad							
0260	Urrúis fiachais faoin gcéad chatagóir i dTábla 1							
0270	Urrúis fiachais faoin dara catagóir i dTábla 1							
0280	Le téarma iarmharach ≤ 6 mhí							
0290	Le téarma iarmharach > 6 mhí agus ≤ 24 mhí							
0300	Le téarma iarmharach > 24 mhí							

		SUÍOMHANNA					CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE	MÉID IOMLÁN NA NEAMHCHOS-ANTA AR RIOSCA
		GACH SUÍOMH		GLANSUÍOMH-ANNA		SUÍOMH-ANNA FAOI RÉIR MUIREAR CAIPITIL		
		FADA	GEARR	FADA	GEARR			
		0010	0020	0030	0040	0050	0060	0070
0310	Urrúis fiachais faoin tríú catagóir i dTábla 1							
0320	Urrúis fiachais faoin gceathrú catagóir i dTábla 1							
0321	Díorthaigh chreidmheasa arna rátáil don n-ú mainneachtain							
0325	Ceanglas cistí dílse le haghaidh ionstraimí urrúsúcháin							
0330	Ceanglas cistí dílse maidir leis an bpunann trádála comhghaoil							
0350	Ceanglais bhreise maidir le roghanna (rioscaí neamhdheilte)							
0360	Modh simplithe							
0370	Cur chuige deilte plus – ceanglais bhreise i gcomhair riosca gáma							
0380	Cur chuige deilte plus – ceanglais bhreise i gcomhair riosca vega							
0385	Cur chuige deilte plus – roghanna agus barántais neamh-leanúnacha							
0390	Cur chuige an cháis maitríse							

C 19.00 – RIOSCA MARGAIDH: CUR CHUIGE CAIGHDEÁNAITHE I dTACA LE RIOSCA SONRACH IN URRÚSÚCHÁIN (MKR SSA SEC)

		GACH SUÍOMH		(-) SUÍOMHANNA ASBHAINTE AS CISTÍ DÍLSE		GLANSUÍOMH-ANNA		MIONDEALÚ AR NA GLANSUÍOMHANNA (FADA) DE RÉIR UALUITHE RIOSCA																		MIONDEALÚ AR NA GLANSUÍOMHANNA (GEARRA) DE RÉIR UALUITHE RIOSCA																		MIONDEALÚ AR AN nGLANSUÍOMH DE RÉIR NA gCUR CHUIGE						ÉIFEACHT FHORIOMLÁN (COIGEARTŮ) I nGEALL AR SHÁRÚ CHAIBIDIL 2 DE RIALACHÁN (AE) 2017/2402		ROIMH AN gCAID-HP	TAR ÉIS NA CAIDHPE / IOMLÁN NA gCEANGLAS CISTÍ DÍLSE
		FADA	GEARR	(-) FADA	(-) GEARR	FADA	GEARR	[0 - 10%[	[10 - 12%[	[12 - 20%[	[20 - 40%[	[40 - 100%[	[100 - 150%[	[150 - 200%[	[200 - 225%[	[225 - 250%[	[250 - 300%[	[300 - 350%[	[350 - 425%[	[425 - 500%[	[500 - 650%[	[650 - 750%[	[750 - 850%[	[850 - 1 250%[	1 250%	[0 - 10%[	[10 - 12%[	[12 - 20%[	[20 - 40%[	[40 - 100%[	[100 - 150%[	[150 - 200%[	[200 - 225%[	[225 - 250%[	[250 - 300%[	[300 - 350%[	[350 - 425%[	[425 - 500%[	[500 - 650%[	[650 - 750%[	[750 - 850%[	[850 - 1 250%[	1 250%	SEC-IRBA	SEC-SA	SEC-ERBA	CUR CHUIGE AN MHEASÚ-NAITHE INMHEÁ-NAIGH	LÁIMHSEÁIL SHONRACH Le hAGHAIDH TRÁINSÍ SINSEA-RACHA D'URRÚSÚI-THE RISÍOCHTAÍ NEAMH-THUILMHI-EACHA (NPE) CÁILI-THEACHA	EILE (RW=1 250%)	GLAN-SUÍOMH-ANNA UALAITHE FADA	GLAN-SUÍOMH-ANNA UALAITHE GEARRA		
		0010	0020	0030	0040	0050	0060	0061	0062	0063	0064	0065	0066	0071	0072	0073	0074	0075	0076	0077	0078	0079	0081	0082	0083	0085	0086	0087	0088	0089	0091	0092	0093	0094	0095	0096	0097	0098	0099	0101	0102	0103	0104	0402	0403	0404	0405	0900	0406	0530	0540	0570	0601
0010	**NEAMHCHOSAINTÍ IOMLÁNA**																																																						Cill nasctha le MKR SA TDI {325:060}
0020	Lena n-áirítear: ATHURRÚSUITHE																																																						
0030	**TIONSCNÓIR: NEAMHCHOSAINTÍ IOMLÁNA**																																																						
0040	URRÚSUITHE																																																						
0041	AR DÍOBH SIN: URRÚSÚCHÁN A CHÁILÍONN DON LÁIMHSEÁIL DHIFREÁILTE CAIPITIL																																																						
0050	ATHURRÚSUITHE																																																						
0060	**INFHEISTEOIR: NEAMHCHOSAINTÍ IOMLÁNA**																																																						
0070	URRÚSUITHE																																																						
0071	AR DÍOBH SIN: URRÚSÚCHÁN A CHÁILÍONN DON LÁIMHSEÁIL DHIFREÁILTE CAIPITIL																																																						
0080	ATHURRÚSUITHE																																																						
0090	**URRAITHEOIR: NEAMHCHOSAINTÍ IOMLÁNA**																																																						
0100	URRÚSUITHE																																																						
0101	AR DÍOBH SIN: URRÚSÚCHÁN A CHÁILÍONN DON LÁIMHSEÁIL DHIFREÁILTE CAIPITIL																																																						
0110	ATHURRÚSUITHE																																																						

C 20.00 – RIOSCA MARGAIDH: CUR CHUIGE CAIGHDEÁNAITHE I dTACA LE RIOSCA SONRACH SA PHUNANN TRÁDÁLA COMHGHAOIL (MKR SA CTP)

		GACH SUÍOMH		(-) SUÍOMHANNA ASBHAINTE AS CISTÍ DÍLSE		GLANSUÍOMH-ANNA		MIONDEALÚ AR AN nGLANSUÍOMH (FADA) DE RÉIR UALUITHE RIOSCA											MIONDEALÚ AR AN nGLANSUÍOMH (GEARR) DE RÉIR UALUITHE RIOSCA											MIONDEALÚ AR AN nGLANSUÍOMH DE RÉIR NA gCUR CHUIGE						ROIMH AN gCAIDHP		TAR ÉIS NA CAIDHPE		IOMLÁN NA gCEANGLAS CISTÍ DÍLSE
		FADA	GEARR	(-) FADA	(-) GEARR	FADA	GEARR	[0 - 10%[	[10 - 12%[	[12 - 20%[	[20 - 40%[	[40 - 100%[	[100 - 250%[	[250 - 350%[	[350 - 425%[	[425 - 650%[	[650 - 1 250%[	1 250%	[0 - 10%[	[10 - 12%[	[12 - 20%[	[20 - 40%[	[40 - 100%[	[100 - 250%[	[250 - 350%[	[350 - 425%[	[425 - 650%[	[650 - 1 250%[	1 250%	SEC-IRBA	SEC-SA	SEC-ERBA	CUR CHUIGE AN MHEASÚNAI-THE INMHEÁ-NAIGH	LÁIMHSEÁIL SHONRACH Le hAGHAIDH TRÁINSÍ SINSEA-RACHA D'URRÚSUI-THE RISÍOCHTAÍ NEAMH-THUILLMH-EACHA (NPE) CÁILI-THEACHA	EILE (RW= 1 250 %)	GLAN-SUÍOMH-ANNA UALAI-THE FADA	GLAN-SUÍOMH-ANNA UALAI-THE GEARRA	GLAN-SUÍOMH-ANNA UALAI-THE FADA	GLAN-SUÍOMH-ANNA UALAI-THE GEARRA	
		0010	0020	0030	0040	0050	0060	0071	0072	0073	0074	0075	0076	0077	0078	0079	0081	0082	0086	0087	0088	0089	0091	0092	0093	0094	0095	0096	0097	0402	0403	0404	0405	0900	0406	0410	0420	0430	0440	0450
0010	**NEAMHCHOS-AINTÍ IOMLÁNA**																																							Cill nasctha le MKR SA TDI {0330:0060}
	SUÍOMHANNA URRÚSÚCHÁIN:																																							
0020	**TIONSCNÓIR: NEAMHCHOS-AINTÍ IOMLÁNA**																																							
0030	URRÚSUITHE																																							
0040	SUÍOMHANNA CTP EILE																																							
0050	**INFHEISTEOIR: NEAMHCHOS-AINTÍ IOMLÁNA**																																							
0060	URRÚSUITHE																																							
0070	SUÍOMHANNA CTP EILE																																							
0080	**URRAITHEOIR: NEAMHCHOS-AINTÍ IOMLÁNA**																																							
0090	URRÚSUITHE																																							
0100	SUÍOMHANNA CTP EILE																																							
	DÍORTHAIGH CHREIDMHEASA DON N-Ú MAINNEACHTAIN:																																							
0110	DÍORTHAIGH CHREIDMHEASA DON N-Ú MAINNEACHT-AIN																																							
0120	SUÍOMHANNA CTP EILE																																							

C 21.00 – RIOSCA MARGAIDH: CUR CHUIGE CAIGHDEÁNAITHE I dTACA LE RIOSCA SUÍMH I gCOTHROMAIS (MKR SSA EQU)

Margadh náisiúnta:

		SUÍOMHANNA					CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE	MÉID IOMLÁN NA NEAMHCHOS-ANTA AR RIOSCA
		GACH SUÍOMH		GLANSUÍOMHANNA		SUÍOMHANNA FAOI RÉIR MUIREAR CAIPITIL		
		FADA	GEARR	FADA	GEARR			
		0010	0020	0030	0040	0050	0060	0070
0010	**COTHROMAIS SA LEABHAR TRÁDÁLA**							Cill nasctha le CA
0020	Riosca ginearálta							
0021	Díorthaigh							
0022	Sócmhainní agus dliteanais eile							
0030	Todhchaíochtaí innéacsanna stoic a thrádáiltear ar an stocmhalartán, a éagsúlaítear go forleathan faoi réir cur chuige áirithe							
0040	Cothromais eile seachas todhchaíochtaí innéacsanna stoic a thrádáiltear ar an stocmhalartán a éagsúlaítear go forleathan							
0050	Riosca sonrach							
0090	Ceanglais bhreise maidir le roghanna (rioscaí neamhdheilte)							
0100	Modh simplithe							
0110	Cur chuige deilte plus – ceanglais bhreise i gcomhair riosca gáma							
0120	Cur chuige deilte plus – ceanglais bhreise i gcomhair riosca vega							
0125	Cur chuige deilte plus – roghanna agus barántais neamh-leanúnacha							
0130	Cur chuige an cháis maitríse							

C 22.00 – RIOSCA MARGAIDH: CINEÁLACHA CUR CHUIGE CAIGHDEÁNAITHE I dTACA LE RIOSCA MALAIRTE EACHTRAÍ (MKR SSA FX)

		GACH SUÍOMH		GLANSUÍOMH-ANNA		SUÍOMHANNA FAOI RÉIR MUIREAR CAIPITIL (Lena n-áirítear suíomhanna neamh-chomhoiriúnaithe in airgeadraí neamh-thuairiscithe a athdháileadh faoi réir láimhseáil speisialta le haghaidh suíomhanna comhoiriúnaithe)			CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE	MÉID IOMLÁN NA NEAMH-CHOSANTA AR RIOSCA
		FADA	GEARR	FADA	GEARR	FADA	GEARR	COMH-OIRIÚNAI-THE		
		0020	0030	0040	0050	0060	0070	0080	0090	0100
0010	**SUÍOMHANNA IOMLÁNA**									Cill nasctha le CA
0020	Airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le chéile									
0025	ar díobh sin: airgeadra tuairiscithe									
0030	Gach airgeadra eile (lena n-áirítear GCanna a láimhseáiltear mar airgeadraí difriúla)									
0040	Ór									
0050	Ceanglais bhreise maidir le roghanna (rioscaí neamhdheilte)									
0060	Modh simplithe									
0070	Cur chuige deilte plus – ceanglais bhreise i gcomhair riosca gáma									
0080	Cur chuige deilte plus – ceanglais bhreise i gcomhair riosca vega									
0085	Cur chuige deilte plus – roghanna agus barántais neamh-leanúnacha									
0090	Cur chuige an cháis maitríse									
MIONDEALÚ AR NA SUÍOMHANNA IOMLÁNA (AIRGEADRA TUAIRISCITHE SAN ÁIREAMH) DE RÉIR CINEÁLACHA RISÍOCHTA										
0100	Sócmhainní agus dliteanais eile seachas ítimí agus díorthaigh lasmuigh den chlár comhardaithe									
0110	Ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe									
0120	Díorthaigh									

		GACH SUÍOMH		GLANSUÍOMH-ANNA		SUÍOMHANNA FAOI RÉIR MUIREAR CAIPITIL (Lena n-áirítear suíomhanna neamh-chomhoiriúnaithe in airgeadraí neamh-thuairiscithe a athdháileadh faoi réir láimhseáil speisialta le haghaidh suíomhanna comhoiriúnaithe)			CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE	MÉID IOMLÁN NA NEAMH-CHOSANTA AR RIOSCA
		FADA	GEARR	FADA	GEARR	FADA	GEARR	COMH-OIRIÚNAI-THE		
		0020	0030	0040	0050	0060	0070	0080	0090	0100
Míreanna meabhráin: SUÍOMHANNA AIRGEADRA										
0130	Euro									
0140	Lek									
0150	Peso na hAirgintíne									
0160	Dollar na hAstráile									
0170	Real na Brasaíle									
0180	Lev na Bulgáire									
0190	Dollar Cheanada									
0200	Koruna Phoblacht na Seice									
0210	Krone na Danmhairge									
0220	Punt na hÉigipte									
0230	Punt Steirling									
0240	Forint									
0250	Yen									
0280	Denar									
0290	Peso Mheicsiceo									
0300	Zloty									
0310	Leu na Rómáine									
0320	Rúbal na Rúise									
0330	Dinar na Seirbia									
0340	Krona na Sualainne									
0350	Franc na hEilvéise									

		GACH SUÍOMH		GLANSUÍOMH-ANNA		SUÍOMHANNA FAOI RÉIR MUIREAR CAIPITIL (Lena n-áirítear suíomhanna neamh-chomhoiriúnaithe in airgeadraí neamh-thuairiscithe a athdháileadh faoi réir láimhseáil speisialta le haghaidh suíomhanna comhoiriúnaithe)			CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE	MÉID IOMLÁN NA NEAMH-CHOSANTA AR RIOSCA
		FADA	GEARR	FADA	GEARR	FADA	GEARR	COMH-OIRIÚNAI-THE		
		0020	0030	0040	0050	0060	0070	0080	0090	0100
0360	Lira na Tuirce									
0370	Hryvnia									
0380	Dollar SAM									
0390	Krona na hÍoslainne									
0400	Krone na hIorua									
0410	Dollar Hong Cong									
0420	Dollar Nua na Téaváine									
0430	Dollar na Nua-Shéalainne									
0440	Dollar Phoblacht Shingeapór									
0450	Won									
0460	Yuan Renminbi									
0470	Eile									

C 23.00 – RIOSCA MARGAIDH: CINEÁLACHA CUR CHUIGE CAIGHDEÁNAITHE I dTACA LE TRÁCHTEARRAÍ (MKR SSA COM)

		GACH SUÍOMH		GLANSUÍOMHANNA		SUÍOMH-ANNA FAOI RÉIR MUIREAR CAIPITIL	CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE	MÉID IOMLÁN NA NEAMHCHOS-ANTA AR RIOSCA
		FADA	GEARR	FADA	GEARR			
		0010	0020	0030	0040	0050	0060	0070
0010	**SUÍOMHANNA IOMLÁNA I dTRÁCHTEARRAÍ**							Cill nasctha le CA
0020	Miotail lómhara (cé is moite d'ór)							
0030	Miotail neamhlómhara							
0040	Táirgí talmhaíochta (táirgí boga)							
0050	Eile							
0060	Lena n-áirítear táirgí fuinnimh (ola, gás)							
0070	Cur chuige an dréimire aibíochta							
0080	Cur chuige an dréimire aibíochta sínte							
0090	An cur chuige simplithe: Gach suíomh							
0100	Ceanglais bhreise maidir le roghanna (rioscaí neamhdheilte)							
0110	Modh simplithe							
0120	Cur chuige deilte plus – ceanglais bhreise i gcomhair riosca gáma							
0130	Cur chuige deilte plus – ceanglais bhreise i gcomhair riosca vega							
0135	Cur chuige deilte plus – roghanna agus barántais neamh-leanúnacha							
0140	Cur chuige an cháis maitríse							

C 24.00 – SAMHLACHA INMHEÁNACHA I LEITH RIOSCA MARGAIDH (MKR IM)

		VaR		VaR STRUIS		MUIREAR CAIPITIL AR RIOSCA INCRIMINTEACH MAINNEACHTANA AGUS IMIRCE		MUIREAR CAIPITIL AR RIOSCAÍ PRAGHAIS UILE LE hAGHAIDH CTP			CEANG-LAIS CISTÍ DÍLSE	MÉID IOMLÁN NA RISÍOCHTA AR RIOSCA	Líon na róluain-eachtaí i rith an 250 lá oibre roimhe sin	Fachtóir Iolrúcháin VaR (m_c)	Fachtóir Iolrúcháin SVaR (m_s)	MUIREAR TOIMHDI-THE LE hAGHAIDH ÍOSRÁTA CTP – GLAN-SUÍOMH-ANNA UALAITHE FADA TAR ÉIS NA CAIDHPE	MUIREAR TOIMHDI-THE LE hAGH-AIDH ÍOSRÁTA CTP – GLAN-SUÍOMH-ANNA UALAITHE GEARRA TAR ÉIS NA CAIDHPE
		FACHTÓIR IOLRÚCHÁIN (m_c) x MEÁN AN 60 LÁ OIBRE ROIMHE SIN (VaR_{avg})	AN LÁ ROIMHE (VaR_{t-1})	FACHTÓIR IOLRÚCHÁIN (m_s) x MEÁN AN 60 LÁ OIBRE ROIMHE SIN ($SVaR_{avg}$)	AN CEANN IS DÉANAÍ ATÁ AR FÁIL ($SVaR_{t-1}$)	TOMHAS MEÁNACH 12 SHEACHT-AIN	TOMHAS DEIR-EANACH	ÍOSRÁTA ÚIS	TOMHAS MEÁNACH 12 SHEACHT-AIN	TOMHAS DEIR-EANACH							
		0030	0040	0050	0060	0070	0080	0090	0100	0110	0120	0130	0140	0150	0160	0170	0180
0010	**SUÍOMHANNA IOMLÁNA**											Cill nasctha le CA					
	Míreanna meabhráin: MIONDEALÚ AR AN RIOSCA MARGAIDH																
0020	**Ionstraimí fiachais trádáilte**																
0030	**TDI – Riosca ginearálta**																
0040	**TDI – Riosca sonrach**																
0050	**Cothromais**																
0060	**Cothromais – Riosca ginearálta**																
0070	**Cothromais – Riosca sonrach**																
0080	**Riosca Malairte Eachtraí**																

		VaR		VaR STRUIS		MUIREAR CAIPITIL AR RIOSCA INCRIMINTEACH MAINNEACHTANA AGUS IMIRCE		MUIREAR CAIPITIL AR RIOSCAÍ PRAGHAIS UILE LE hAGHAIDH CTP			CEANG-LAIS CISTÍ DÍLSE	MÉID IOMLÁN NA RISÍOCHTA AR RIOSCA	Líon na róluain-eachtaí i rith an 250 lá oibre roimhe sin	Fachtóir Iolrúcháin VaR (m_c)	Fachtóir Iolrúcháin SVaR (m_s)	MUIREAR TOIMHDI-THE LE hAGHAIDH ÍOSRÁTA CTP – GLAN-SUÍOMH-ANNA UALAITHE FADA TAR ÉIS NA CAIDHPE	MUIREAR TOIMHDI-THE LE hAGH-AIDH ÍOSRÁTA CTP – GLAN-SUÍOMH-ANNA UALAITHE GEARRA TAR ÉIS NA CAIDHPE
		FACHTÓIR IOLRÚCHÁIN (m_c) x MEÁN AN 60 LÁ OIBRE ROIMHE SIN (VaR_{avg})	AN LÁ ROIMHE (VaR_{t-1})	FACHTÓIR IOLRÚCHÁIN (m_s) x MEÁN AN 60 LÁ OIBRE ROIMHE SIN ($SVaR_{avg}$)	AN CEANN IS DÉANAÍ ATÁ AR FÁIL ($SVaR_{t-1}$)	TOMHAS MEÁNACH 12 SHEACHT-AIN	TOMHAS DEIR-EANACH	ÍOSRÁTA ÚIS	TOMHAS MEÁNACH 12 SHEACHT-AIN	TOMHAS DEIR-EANACH							
		0030	0040	0050	0060	0070	0080	0090	0100	0110	0120	0130	0140	0150	0160	0170	0180
0090	**Riosca tráchtearraí**																
0100	**Méid iomlán le haghaidh riosca ginearálta**																
0110	**Méid iomlán le haghaidh riosca sonrach'**																

IARSCRÍBHINN II

'IARSCRÍBHINN XI

TREORACHA MAIDIR LE CEANGLAS FACHTÓIR RtM K A THUAIRISCIÚ AR BHONN K-NPR

Clár Ábhar

CUID I:	**TREORACHA GINEARÁLTA**	18
1.	**COINBHINSIÚIN**	18
1.1.	**Coinbhinsiúin uimhriúcháin**	18
1.2.	**Coinbhinsiún maidir le comharthaí**	18
1.3.	**Tagairtí do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**	18
CUID II:	**TREORACHA A BHAINEANN LE TEIMPLÉID: TEIMPLÉID UM RIOSCA MARGAIDH**	18
1.	**Barúlacha ginearálta**	18
2.	**C 18.00 – Riosca Margaidh: Cur Chuige Caighdeánaithe le haghaidh Rioscaí Suímh in Ionstraimí Fiachais Trádáilte (MKR SA TDI)**	18
2.1.	**Barúlacha Ginearálta**	18
2.2.	**Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha**	19
3.	**C 19.00 – RIOSCA MARGAIDH: CUR CHUIGE CAIGHDEÁNAITHE I dTACA LE RIOSCA SONRACH IN URRÚSÚCHÁIN (MKR SSA SEC)**	20
3.1.	**Barúlacha Ginearálta**	20
3.2.	**Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha**	21
4.	**C 20.00 – RIOSCA MARGAIDH: CUR CHUIGE CAIGHDEÁNAITHE I dTACA LE RIOSCA SONRACH DO SHUÍOMHANNA A SANNADH DON PHUNANN TRÁDÁLA COMHGHAOIL (MKR SSA CTP))**	22
4.1.	**Barúlacha Ginearálta**	22
4.2.	**Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha**	23
5.	**C 21.00 – Riosca Margaidh: Cur Chuige Caighdeánaithe le haghaidh Riosca Suímh i gCothromais (MKR SA EQU)**	24
5.1.	**Barúlacha Ginearálta**	24
5.2.	**Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha**	24
6.	**C 22.00 – Riosca Margaidh: Cineálacha Cur Chuige Caighdeánaithe i dtaca le Riosca Malairte Eachtraí (MKR SA FX)**	26
6.1.	**Barúlacha Ginearálta**	26
6.2.	**Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha**	26
7.	**C 23.00 – Riosca Margaidh: Cineálacha Cur Chuige Caighdeánaithe i dtaca le Tráchtearraí (MKR SA COM)**	28
7.1.	**Barúlacha Ginearálta**	28
7.2.	**Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha**	28
8.	**C 24.00 - Samhail Inmheánach i leith Riosca Margaidh (MKR IM)**	29
8.1.	**Barúlacha Ginearálta**	29
8.2.	**Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha**	29

CUID I: TREORACHA GINEARÁLTA

1. COINBHINSIÚIN

1.1. Coinbhinsiúin uimhriúcháin

1. Cloítear sa doiciméad leis an gcoinbhinsiún lipéadaithe mar a leagtar amach i bpointí 2 go 5 i gcás ina dtagraítear do cholúin, rónna agus cealla na dteimpléad. Úsáidtear na cóid uimhriúla sin go forleathan sna rialacha bailíochtaithe.

2. Cloítear leis an nodaireacht ghinearálta seo a leanas sna treoracha: {Teimpléad; Ró; Colún}.

3. I gcás bailíochtuithe laistigh de theimpléad, nach n-úsáidtear ach pointí sonraí den teimpléad sin iontu, ní thagraíonn an nodaireacht do theimpléad: {Ró; Colún}.

4. I gcás teimpléad nach bhfuil ach aon cholún amháin iontu, ní thagraítear ach do rónna amháin. {Teimpléad; Ró}.

5. Úsáidtear réiltín le léiriú go ndéantar an bailíochtú do na rónna nó do na colúin a shonraítear roimhe.

1.2. Coinbhinsiún maidir le comharthaí

6. Déanfar méid ar bith lena méadaítear na cistí dílse nó na ceanglais chaipitil a thuairisciú mar fhigiúr deimhneach. I gcodarsnacht leis sin, déanfar méid ar bith lena laghdaítear iomlán na gcistí dílse nó na gceanglas caipitil a thuairisciú mar fhigiúr faoi bhun an náid. I gcás ina bhfuil comhartha diúltach (-) roimh lipéad ítime, níltear ag súil go dtuairiscítear aon fhigiúr deimhneach don ítim sin.

1.3. Tagairtí do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013

7. Léifear gach tagairt d'Airteagal 325 go hAirteagal 377 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar thagairtí don leagan den Rialachán sin a bhí i bhfeidhm an 26 Meitheamh 2019.

CUID II: TREORACHA A BHAINEANN LE TEIMPLÉID: TEIMPLÉID UM RIOSCA MARGAIDH

1. BARÚLACHA GINEARÁLTA

8. Tagraíonn na treoracha seo do na teimpléid chun ríomh na gceanglas cistí dílse a thuairisciú i gcomhréir leis an gCur Chuige Caighdeánaithe i dtaca le riosca malairte eachtraí (MKR SA FX), riosca tráchtearraí (MKR SA COM), riosca ráta úis (MKR SA TDI, MKR SA SEC, MKR SA CTP) agus riosca cothromais (MKR SA EQU). Ina theannta sin, tá treoracha maidir leis an teimpléad chun ríomh na gceanglas cistí dílse a thuairisciú i gcomhréir le cur chuige na samhlacha inmheánacha (MKR IM) san áireamh sa chuid seo.

9. Déanfar riosca an tsuímh ar ionstraim fiachais trádáilte nó ar chothromas (nó ar dhíorthach fiachais nó cothromais) a roinnt ina dhá chomhpháirt chun an caipiteal a cheanglaítear ina aghaidh a ríomh. Cumhdófar leis an gcéad chomhpháirt a riosca sonrach — is é sin an riosca d'athrú i bpraghas na hionstraime lena mbaineann mar gheall ar fhachtóirí a bhaineann lena heisitheoir, nó i gcás díorthaigh, le heisitheoir na hionstraime foluití. Cuimseofar leis an dara comhpháirt a riosca ginearálta — is é sin an riosca d'athrú i bpraghas na hionstraime mar gheall ar athrú i leibhéal na rátaí úis (i gcás ionstraim fiachais trádáilte nó díorthach fiachais) nó (i gcás cothromais nó díorthach cothromais) mar gheall ar ghluaiseacht leathan sa mhargadh cothromais nach bhfuil baint aici le haon tréith shonrach d'urrúis aonair. Maidir le láimhseáil ghinearálta ionstraimí sonracha agus nósanna imeachta glanluachála, leagtar amach í in Airteagail 326 go 333 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

2. C 18.00 – RIOSCA MARGAIDH: CUR CHUIGE CAIGHDEÁNAITHE LE hAghaidh RIOSCAÍ SUÍMH IN IONSTRAIMÍ FIACHAIS TRÁDÁILTE (MKR SA TDI)

2.1. Barúlacha Ginearálta

10. Leis an teimpléad seo, gabhtar na suíomhanna agus na ceanglais cistí dílse ghaolmhara i dtaca le rioscaí suímh ar ionstraimí fiachais trádáilte faoin gCur Chuige Caighdeánaithe (Airteagal 325(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013). Breithnítear de réir rónna na rioscaí difriúla agus na modhanna difriúla atá le fáil faoi Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ní dhéanfaidh an riosca sonrach a bhaineann le neamhchosaintí a chuirtear san áireamh in MKR SA SEC agus MKR SA CTP a thuairisciú ach amháin i dTeimpléad iomlán MKR SA TDI. Déanfar na ceanglais cistí dílse a thuairiscítear sna teimpléid sin a aistriú chuig cill {0325;0060} (urrúsúcháin) agus {0330;0060} (CTP) faoi seach.

11. Déanfar an teimpléad a líonadh isteach ar leithligh le haghaidh 'Iomlán', móide liosta réamhshainithe de na hairgeadraí seo a leanas: EUR, ALL, BGN, CZK, DKK, EGP, GBP, HUF, ISK, JPY, MKD, NOK, PLN, RON, RUB, RSD, SEK, CHF, TRY, UAH, USD agus teimpléad iarmharach amháin do gach airgeadra eile.

2.2. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Colúin	
0010-0020	**GACH SUÍOMH (FADA AGUS GEARR)** Airteagal 102 agus Airteagal 105(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Suíomhanna comhlána is ea iad sin nach ndéantar a ghlanluacháil le hionstraimí ach lena n-eisiatar suíomhanna frithgheallta a ndéantar a shuibscríobh nó a fho-fhrithghealladh ag tríú páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 345(1), an chéad fhomhír, an dara habairt, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Maidir leis an idirdhealú idir suíomhanna fada agus gearra, rud is infheidhme maidir leis na suíomhanna comhlána sin freisin, féach Airteagal 328(2) den Rialachán sin.
0030-0040	**GLANSUÍOMHANNA (FADA AGUS GEARRA)** Airteagail 327 go 329 agus Airteagal 334 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Maidir leis an idirdhealú idir suíomhanna fada agus gearra, féach Airteagal 328(2) den Rialachán sin.
0050	**SUÍOMHANNA FAOI RÉIR MUIREAR CAIPITIL** Na glansuíomhanna sin a fhaigheann muirear caipitil, i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige difriúla i gCuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 2, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
0060	**CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE** An muirear caipitil ar aon suíomh ábhartha i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 2, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
0070	**MÉID IOMLÁN NA RISÍOCHTA AR RIOSCA** Airteagal 92(6), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Toradh iolrú na gceanglas cistí dílse faoi 12,5.

Rónna	
0010-0350	**IONSTRAIMÍ FIACHAIS TRÁDÁILTE SA LEABHAR TRÁDÁLA** Maidir le suíomhanna in ionstraimí fiachais trádáilte sa Leabhar Trádála agus a gceanglais cistí dílse chomhfhreagracha i dtaca le riosca an tsuímh i gcomhréir le hAirteagal 92(4), pointe (b)(i), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus de Chuid a Trí, Caibidil 2, Teideal IV, den Rialachán sin, tuairisceofar iad ag brath ar an gcatagóir riosca, ar an aibíocht agus ar an gcur chuige a úsáidtear.
0011	**RIOSCA GINEARÁLTA**
0012	**Díorthaigh** Díorthaigh a chuirtear san áireamh agus riosca ráta úis na suíomhanna leabhair trádála á ríomh, agus Airteagail 328 go 331 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 á gcur san áireamh, i gcás inarb infheidhme.
0013	**Sócmhainní agus dliteanais eile** Ionstraimí seachas díorthaigh a chuirtear san áireamh i ríomh riosca ráta úis na suíomhanna leabhair trádála.
0020-0200	**CUR CHUIGE BUNAITHE AR AN AIBÍOCHT** Suíomhanna in ionstraimí fiachais trádáilte atá faoi réir an chur chuige bunaithe ar aibíocht dá dtagraítear in Airteagal 339(1) go (8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus na ceanglais cistí dílse chomhfhreagracha a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 339(9) den Rialachán sin. Déanfar an suíomh a dheighilt de réir chriosanna 1, 2 agus 3 agus déanfar na criosanna sin a dheighilt de réir aibíocht na n-ionstraimí.
0210-0240	**RIOSCA GINEARÁLTA CUR CHUIGE BUNAITHE AR FHAD TRÉIMHSE** Suíomhanna in ionstraimí fiachais trádáilte atá faoi réir an chur chuige bunaithe ar fhad tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 340(1) go (6) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus na ceanglais cistí dílse chomhfhreagracha a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 340(7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Déanfar an suíomh a dheighilt de réir chriosanna 1, 2 agus 3.

0250	**RIOSCA SONRACH** Suim na méideanna a thuairiscítear i rónna 0251, 0325 agus 0330. Suíomhanna in ionstraimí fiachais trádáilte atá faoi réir na gceanglas caipitil maidir le riosca sonrach agus a gceanglas caipitil comhfhreagrach i gcomhréir le hAirteagal 92(3), pointe (b), Airteagal 335, Airteagal 336(1), (2) agus (3) agus Airteagail 337 agus 338 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Bí ar an eolas freisin faoin abairt dheireanach in Airteagal 327(1) den Rialachán sin.
0251-0321	**Ceanglas cistí dílse le haghaidh ionstraimí fiachais nach ionstraimí urrúsúcháin iad** Suim na méideanna a thuairiscítear i rónna 260 go dtí 321. I dtaca leis an gceanglas cistí dílse a bhaineann leis na díorthaigh chreidmheasa don n-ú mainneachtain nach ndéantar a rátáil go seachtrach, ríomhfar iad trí ualaí riosca na n-eintiteas tagartha a shuimiú (Airteagal 332(1), pointe (e), agus Airteagal 332(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 – 'trébhreathnú'). Maidir le díorthaigh chreidmheasa don n-ú mainneachtain a dhéantar a rátáil go seachtrach (Airteagal 332(1), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013), tuairisceofar iad ar leithligh i ró 321. Tuairisciú suíomhanna atá faoi réir Airteagal 336(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: Tá láimhseáil speisialta ann le haghaidh bannaí a cháilíonn d'ualú riosca 10 % sa leabhar baincéireachta i gcomhréir le hAirteagal 129(3) den Rialachán sin (bannaí faoi chumhdach). Leath an chéatadáin den dara catagóir dá dtagraítear in Airteagal 336, Tábla 1 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a bheidh i gceist leis na ceanglais shonracha cistí dílse. Déanfar na suíomhanna sin a shannadh do rónna 0280-0300 i gcomhréir leis an tréimhse iarmhair go dtí aibíocht dheiridh. I gcás ina mbeidh riosca ginearálta na suíomhanna ráta úis fálaithe le díorthach creidmheasa, beidh feidhm ag Airteagail 346 agus 347 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
0325	**Ceanglas cistí dílse le haghaidh ionstraimí urrúsúcháin** Iomlán na gceanglas cistí dílse a thuairiscítear i gcolún 0601 de theimpléad MKR SA SEC. Ní dhéanfar iomlán na gceanglas cistí dílse sin a thuairisciú ach amháin ar an leibhéal Iomlán de MKR SA TDI.
0330	**Ceanglas cistí dílse maidir leis an bpunann trádála comhghaoil** Iomlán na gceanglas cistí dílse a thuairiscítear i gcolún 0450 de theimpléad MKR SA CTP. Ní dhéanfar iomlán na gceanglas cistí dílse sin a thuairisciú ach amháin ar an leibhéal Iomlán de MKR SA TDI.
0350-0390	**CEANGLAIS BHREISE MAIDIR LE ROGHANNA (RIOSCAÍ NEAMHDHEILTE)** Airteagal 329(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 Déanfar na ceanglais bhreise maidir le roghanna a bhaineann le rioscaí neamhdheilte a thuairisciú agus iad miondealaithe de réir an mhodha a úsáidtear chun iad a ríomh.

3. C 19.00 – RIOSCA MARGAIDH: CUR CHUIGE CAIGHDEÁNAITHE I dTACA LE RIOSCA SONRACH IN URRÚSÚCHÁIN (MKR SSA SEC)

3.1. Barúlacha Ginearálta

12. Iarrtar faisnéis leis an teimpléad seo ar shuíomhanna (gach suíomh/glansuíomhanna agus suíomhanna fada/gearra) agus ar na ceanglais cistí dílse ghaolmhara i dtaca le comhpháirt riosca shonraigh riosca an tsuímh in urrúsuithe / athurrúsuithe a shealbhaítear sa leabhar trádála (nach bhfuil incháilithe don phunann trádála comhghaoil) faoin gCur Chuige Caighdeánach.

13. Le teimpléad MKR SA SEC ní chuirtear an ceanglas cistí dílse i láthair ach amháin maidir le riosca sonrach na suíomhanna urrúsúcháin i gcomhréir le hAirteagal 335 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i gcomhar le hAirteagal 337 den Rialachán sin. I gcás ina ndéantar fálú ar shuíomhanna urrúsúcháin an leabhair trádála le díorthaigh chreidmheasa, tá feidhm ag Airteagail 346 agus 347 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Níl ach aon teimpléad amháin ann i dtaca le suíomhanna uile an leabhair trádála, gan beann ar an gcur chuige a chuireann gnólachtaí infheistíochta i bhfeidhm chun an t-ualú riosca le haghaidh gach ceann de na suíomhanna a chinneadh i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 5, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Déanfar ceanglais cistí dílse a bhaineann le riosca ginearálta na suíomhanna sin a thuairisciú i dteimpléad MKR SA TDI nó MKR IM.

14. De rogha air sin, d'fhéadfaí suíomhanna a fhaigheann ualú riosca 1 250 % a asbhaint ó CET1 (féach Airteagal 244(1), pointe (b), Airteagal 245(1), pointe (b) agus Airteagal 253 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013). Tuairisceofar na suíomhanna sin sa teimpléad seo, fiú má bhaineann an institiúid úsáid as an bhféidearthacht asbhaint a dhéanamh.

3.2. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Colúin	
0010-0020	**GACH SUÍOMH (FADA AGUS GEARR)** Airteagal 102 agus Airteagal 105(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i gcomhar le hAirteagal 337 den Rialachán sin (suíomhanna urrúsúcháin). Maidir leis an idirdhealú idir suíomhanna fada agus gearra, rud is infheidhme maidir leis na suíomhanna comhlána sin freisin, féach Airteagal 328(2) den Rialachán sin.
0030-0040	**(-) SUÍOMHANNA A ASBHAINTEAR AS CISTÍ DÍLSE (FADA AGUS GEARRA)** Airteagal 244(1), pointe (b), Airteagal 245(1), pointe (b) agus Airteagal 253 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0050-0060	**GLANSUÍOMHANNA (FADA AGUS GEARRA)** Airteagail 327, 328, 329 agus 334 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Maidir leis an idirdhealú idir suíomhanna fada agus gearra, féach Airteagal 328(2) den Rialachán sin.
0061-0104	**MIONDEALÚ AR NA GLANSUÍOMHANNA DE RÉIR UALUITHE RIOSCA** Airteagal 259 go 262, Airteagal 263, Táblaí 1 agus 2, Airteagal 264, Táblaí 3 agus Tábla 4 agus Airteagal 266 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Déanfar an miondealú ar leithligh le haghaidh suíomhanna fada agus gearra.
0402-0406	**MIONDEALÚ AR NA GLANSUÍOMHANNA DE RÉIR CUIR CHUIGE** Airteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0402	**SEC-IRBA** Airteagail 259 agus 260 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0403	**SEC-SA** Airteagail 261 agus 262 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0404	**SEC-ERBA** Airteagail 263 agus 264 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0405	**CUR CHUIGE AN MHEASÚNAITHE INMHEÁNAIGH** Airteagail 254 agus 265 agus Airteagal 266(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
0900	**LÁIMHSEÁIL SHONRACH LE hAGHAIDH TRÁINSÍ SINSEARACHA D'URRÚSUITHE NEAMHCHOSAINTÍ NEAMHTHUILLMHEACHA CÁILITHEACHA** Airteagal 269a(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0406	**EILE (RW = 1 250 %)** Airteagal 254(7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0530-0540	**ÉIFEACHT FHORIOMLÁN (COIGEARTÚ) I nGEALL AR SHÁRÚ CHAIBIDIL 2 DE RIALACHÁN (AE) 2017/2402** Airteagal 270a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0570	**ROIMH AN gCAIDHP** Airteagal 337 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, gan an rogha a leagtar amach in Airteagal 335 den Rialachán sin a chur san áireamh, lena gceadaítear d'institiúid caidhp a chur ar thoradh an ualaithe agus an ghlansuímh ag uasleibhéal féideartha an chaillteanais a bhaineann le riosca mainneachtana.
0601	**TAR ÉIS NA CAIDHPE / IOMLÁN NA gCEANGLAS CISTÍ DÍLSE** Airteagal 337 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus an rogha a leagtar amach in Airteagal 335 den Rialachán sin á cur san áireamh.

Rónna	
0010	**NEAMHCHOSAINTÍ IOMLÁNA** Méid iomlán na n-urrúsuithe agus na n-athurrúsuithe gan íoc (a shealbhaítear sa leabhar trádála) a thuairiscíonn an institiúid agus í i ról an tionscnóra nó an infheisteora nó an urraitheora.
0040, 0070 agus 0100	**SUÍOMHANNA URRÚSÚCHÁIN** Airteagal 4(1), pointe (62), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
0020, 0050, 0080 agus 0110	**SUÍOMHANNA ATHURRÚSÚCHÁIN** Airteagal 4(1), pointe (64), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0041, 0071 agus 0101	**AR DÍOBH SIN: URRÚSÚCHÁN A CHÁILÍONN DON LÁIMHSEÁIL DHIFREÁILTE CAIPITIL** Méid iomlán na suíomhanna urrúsúcháin lena gcomhlíontar na critéir a leagtar amach in Airteagal 243 nó Airteagal 270 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus a cháilíonn dá bhrí sin don láimhseáil dhifreáilte caipitil.
0030-0050	**TIONSCNÓIR** Airteagal 4(1), pointe (13), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0060-0080	**INFHEISTEOIR** Institiúid creidmheasa ag a bhfuil suíomh urrúsúcháin in idirbheart urrúsúcháin nach bhfuil sí ina tionscnóir, ina hurraitheoir ná ina hiasachtóir bunaidh dó.
0090-0110	**URRAITHEOIR** Airteagal 4(1), pointe (14), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. I gcás ina n-urrúsaíonn urraitheoir a shócmhainní féin freisin, líonfaidh sé isteach rónna an tionscnóra leis an bhfaisnéis maidir lena shócmhainní urrúsaithe féin.

4. C 20.00 – RIOSCA MARGAIDH: CUR CHUIGE CAIGHDEÁNAITHE I dTACA LE RIOSCA SONRACH DO SHUÍOMHANNA A SANNADH DON PHUNANN TRÁDÁLA COMHGHAOIL (MKR SSA CTP))

4.1. Barúlacha Ginearálta

15. Iarrtar faisnéis leis an teimpléad seo ar shuíomhanna na Punainne Trádála Comhghaoil (CTP) (lena gcuimsítear urrúsuithe, díorthaigh chreidmheasa don n-ú mainneachtain agus suíomhanna eile CTP a chuirtear san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 338(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013) agus ar na ceanglais cistí dílse chomhfhreagracha faoin gCur Chuige Caighdeánach.

16. Le teimpléad MKR SA CTP ní chuirtear an ceanglas cistí dílse i láthair ach amháin maidir le riosca sonrach na suíomhanna a shanntar do CTP i gcomhréir le hAirteagal 335 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i dteannta Airteagal 338(2) agus (3) den Rialachán sin. I gcás ina ndéantar fálú ar shuíomhanna CTP an leabhair trádála le díorthaigh chreidmheasa, tá feidhm ag Airteagail 346 agus 347 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Níl ach aon teimpléad amháin ann i dtaca le suíomhanna CTP uile an leabhair trádála, gan beann ar an gcur chuige a chuireann institiúidí i bhfeidhm chun an t-ualú riosca le haghaidh gach ceann de na suíomhanna a chinneadh i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 5, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Déanfar ceanglais cistí dílse a bhaineann le riosca ginearálta na suíomhanna sin a thuairisciú i dteimpléad MKR SA TDI nó MKR IM.

17. Déantar suíomhanna urrúsúcháin, díorthaigh chreidmheasa don n-ú mainneachtain agus suíomhanna CTP eile a dheighilt leis an teimpléad sin. Tuairisceofar suíomhanna urrúsúcháin i gcónaí i rónna 0030, 0060 nó 0090 (ag brath ar ról na hinstitiúide san urrúsú). Tuairisceofar díorthaigh chreidmheasa don n-ú mainneachtain i ró 0110 i gcónaí. Is suíomhanna iad "suíomhanna CTP eile" nach suíomhanna urrúsúcháin ná díorthaigh chreidmheasa don n-ú mainneachtain iad (féach Airteagal 338(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013), ach tá siad "nasctha" go sainráite le ceann den dá shuíomh sin (mar gheall ar an intinn fálúcháin).

18. De rogha air sin, d'fhéadfaí suíomhanna a fhaigheann ualú riosca 1 250 % a asbhaint ó CET1 (féach Airteagal 244(1), pointe (b), Airteagal 245(1), pointe (b) agus Airteagal 253 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013). Tuairisceofar na suíomhanna sin sa teimpléad seo, fiú má bhaineann an institiúid úsáid as an bhféidearthacht asbhaint a dhéanamh.

4.2. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Colúin	
0010-0020	**GACH SUÍOMH (FADA AGUS GEARR)** Airteagal 102 agus Airteagal 105(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i gcomhar le hAirteagal 338(2) agus (3) den Rialachán sin (suíomhanna a shanntar don Phunann Trádála Comhghaoil) Maidir leis an idirdhealú idir suíomhanna fada agus gearra, rud is infheidhme maidir leis na suíomhanna comhlána sin freisin, féach Airteagal 328(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
0030-0040	**(-) SUÍOMHANNA A ASBHAINTEAR AS CISTÍ DÍLSE (FADA AGUS GEARRA)** Airteagal 253 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0050-0060	**GLANSUÍOMHANNA (FADA AGUS GEARRA)** Airteagail 327, 328, 329 agus 334 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 Maidir leis an idirdhealú idir suíomhanna fada agus gearra, féach Airteagal 328(2) den Rialachán sin.
0071-0097	**MIONDEALÚ AR NA GLANSUÍOMHANNA DE RÉIR UALUITHE RIOSCA** Airteagal 259 go 262, Airteagal 263, Táblaí 1 agus 2, Airteagal 264, Táblaí 3 agus 4 agus Airteagal 266 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0402-0406	**MIONDEALÚ AR NA GLANSUÍOMHANNA DE RÉIR CUIR CHUIGE** Airteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0402	**SEC-IRBA** Airteagail 259 agus 260 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0403	**SEC-SA** Airteagail 261 agus 262 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0404	**SEC-ERBA** Airteagail 263 agus 264 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0405	**CUR CHUIGE BUNAITHE AR MHEASÚNÚ INMHEÁNACH** Airteagail 254 agus 265 agus Airteagal 266(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0900	**LÁIMHSEÁIL SHONRACH Le hAGHAIDH TRÁINSÍ SINSEARACHA D'URRÚSUITHE RISÍOCHTAÍ NEAMHTHUILLMHEACHA CÁILITHEACHA** Airteagal 269a(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0406	**EILE (RW = 1 250 %)** Airteagal 254(7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0410-0420	**ROIMH AN gCAIDHP – GLANSUÍOMHANNA UALAITHE FADA / GEARRA** Airteagal 338 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, gan an rogha a leagtar amach in Airteagal 335 den Rialachán sin a chur san áireamh
0430-0440	**TAR ÉIS NA CAIDHPE – GLANSUÍOMHANNA UALAITHE FADA / GEARRA** Airteagal 338 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus an rogha a leagtar amach in Airteagal 335 den Rialachán sin á cur san áireamh.
0450	**IOMLÁN NA gCEANGLAS CISTÍ DÍLSE** Cinntear an ceanglas cistí dílse mar an ceann is mó de cheachtar díobh seo a leanas: (a) muirear an riosca shonraigh a mbeadh feidhm aige maidir leis na glansuíomhanna fada amháin (colún 0430); (b) muirear an riosca shonraigh a mbeadh feidhm aige maidir leis na glansuíomhanna gearra amháin (colún 0440).

Rónna	
0010	**NEAMHCHOSAINTÍ IOMLÁNA** Méid iomlán na n-urrúsuithe gan íoc (a shealbhaítear sa phunann trádála comhghaoil) a thuairiscíonn an institiúid agus í i ról an tionscnóra, an infheisteora nó an urraitheora.
0020-0040	**TIONSCNÓIR** Airteagal 4(1), pointe (13), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013

0050-0070	**INFHEISTEOIR** Institiúid creidmheasa ag a bhfuil suíomh urrúsúcháin in idirbheart urrúsúcháin nach bhfuil sí ina tionscnóir, ina hurraitheoir ná ina hiasachtóir bunaidh dó
0080-0100	**URRAITHEOIR** Airteagal 4(1), pointe (14), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 I gcás ina n-urrúsaíonn urraitheoir a shócmhainní féin freisin, líonfaidh sé isteach rónna an tionscnóra leis an bhfaisnéis maidir lena shócmhainní urrúsaithe féin.
0030, 0060 agus 0090	**SUÍOMHANNA URRÚSÚCHÁIN** Leis an bpunann trádála comhghaoil, cuimseofar urrúsuithe, díorthaigh chreidmheasa don n-ú mainneachtain agus b'fhéidir suíomhanna fálúcháin eile lena gcomhlíontar na critéir a leagtar amach in Airteagal 338(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Díorthaigh de neamhchosaintí urrúsúcháin lena soláthraítear sciar pro rata mar aon le suíomhanna lena bhfálaítear suíomhanna CTP, cuirfear san áireamh iad i ró 'Suíomhanna CTP eile'.
0110	**DÍORTHAIGH CHREIDMHEASA DON n-Ú MAINNEACHTAIN** Tuairisceofar anseo díorthaigh chreidmheasa don n-ú mainneachtain atá á bhfálú le díorthaigh chreidmheasa don n-ú mainneachtain i gcomhréir le hAirteagal 347 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ní oireann an tionscnóir, an t-infheisteoir ná an t-urraitheoir suíomhanna do dhíorthaigh chreidmheasa don n-ú mainneachtain. Dá réir sin, ní dhéanfar an miondealú mar is amhlaidh le haghaidh suíomhanna urrúsúcháin a sholáthar i dtaca le díorthaigh chreidmheasa don n-ú mainneachtain.
0040, 0070, 0100 agus 0120	**SUÍOMHANNA CTP EILE** Tá na suíomhanna seo a leanas san áireamh: a) díorthaigh ó neamhchosaintí urrúsúcháin a sholáthraíonn sciar pro rata mar aon le suíomhanna lena bhfálaítear suíomhanna CTP; b) Suíomhanna CTP arna bhfálú le díorthaigh chreidmheasa i gcomhréir le hAirteagal 346 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; c) suíomhanna eile lena gcomhlíontar Airteagal 338(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

5. C 21.00 – RIOSCA MARGAIDH: CUR CHUIGE CAIGHDEÁNAITHE LE hAghaidh RIOSCA SUÍMH I GCOTHROMAIS (MKR SA EQU)

5.1. Barúlacha Ginearálta

19. Iarrtar faisnéis leis an teimpléad seo ar na suíomhanna agus ar na ceanglais cistí dílse chomhfhreagracha i dtaca le riosca suímh i gcothromais a shealbhaítear sa leabhar trádála agus a láimhseáiltear faoin gCur Chuige Caighdeánach.

20. Déanfar an teimpléad sin a líonadh isteach ar leithligh le haghaidh 'Iomlán', móide liosta statach réamhshainithe de na margaí seo a leanas: An Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Éigipt, an Ungáir, an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua, an Pholainn, an Rómáin, an tSualainn, an Ríocht Aontaithe, an Albáin, an tSeapáin, Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine, Cónaidhm na Rúise, an tSeirbia, an Eilvéis, an Tuirc, an Úcráin, SAM, an Limistéar Euro móide aon teimpléad iarmhair amháin le haghaidh na margaí eile uile. Chun críoch an cheanglais tuairiscithe sin, léifear an téarma 'margadh' mar 'tír' (ach amháin i gcás tíortha atá sa Limistéar Euro, féach Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 525/2014 ón gCoimisiún ([1])).

5.2. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Colúin	
0010-0020	**GACH SUÍOMH (FADA AGUS GEARR)** Airteagal 102 agus Airteagal 105(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Suíomhanna comhlána is ea iad sin nach ndéantar a ghlanluacháil le hionstraimí ach lena n-eisiatar suíomhanna frithgheallta a ndéantar a shuibscríobh nó a fho-fhrithghealladh ag tríú páirtithe dá dtagraítear in Airteagal 345(1), an chéad fhomhír, an dara habairt, den Rialachán sin.

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 525/2014 ón gCoimisiún an 12 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála chun margadh a shainmhíniú (IO L 148, 20.5.2014, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2014/525/oj).

0030-0040	**GLANSUÍOMHANNA (FADA AGUS GEARRA)** Airteagail 327, 329, 332, 341 agus 345 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
0050	**SUÍOMHANNA FAOI RÉIR MUIREAR CAIPITIL** Na glansuíomhanna sin a fhaigheann muirear caipitil, i gcomhréir leis na cuir chuige dhifriúla a bhreithnítear i gCuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 2, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Déanfar an muirear caipitil a ríomh le haghaidh gach margaidh náisiúnta ar leithligh. Ní chuirfear suíomhanna i dtodhchaíochtaí innéacsanna stoic dá dtagraítear in 344(4), an dara habairt, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 san áireamh sa cholún seo.
0060	**CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE** An ceanglas cistí dílse i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 2, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le haon suíomh ábhartha
0070	**MÉID IOMLÁN NA RISÍOCHTA AR RIOSCA** Airteagal 92(6), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Toradh iolrú na gceanglas cistí dílse faoi 12,5.

Rónna	
0010-0130	**COTHROMAIS SA LEABHAR TRÁDÁLA** Ceanglais cistí dílse i dtaca le riosca an tsuímh dá dtagraítear in Airteagal 92(3), pointe (b)(i), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 2, Roinn 3, den Rialachán sin
0020-0040	**RIOSCA GINEARÁLTA** Suíomhanna i gcothromas atá faoi réir riosca ginearálta (Airteagal 343 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013) agus a gceanglas cistí dílse comhfhreagrach i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 2, Roinn 3, den Rialachán sin Miondealú a bhaineann le gach suíomh atá faoi réir riosca ginearálta is ea an dá mhiondealú (rónna 0021/0022 mar aon le rónna 0030/0040). Le rónna 0021 agus 0022, iarrtar faisnéis ar an miondealú de réir ionstraimí. Ní úsáidfear ach an miondealú i rónna 0030 agus 0040 mar bhonn chun na ceanglais cistí dílse a ríomh.
0021	**Díorthaigh** Díorthaigh a chuirtear san áireamh i ríomh riosca cothromais na suíomhanna leabhair trádála agus Airteagail 329 agus 332 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 á gcur san áireamh, i gcás inarb infheidhme
0022	**Sócmhainní agus dliteanais eile** Ionstraimí seachas díorthaigh a chuirtear san áireamh i ríomh riosca cothromais na suíomhanna leabhair trádála.
0030	**Todhchaíochtaí innéacsanna stoic a thrádáiltear ar an stocmhalartán, a éagsúlaítear go forleathan agus faoi réir cur chuige áirithe.** Todhchaíochtaí innéacsanna stoic a thrádáiltear ar an stocmhalartán, a éagsúlaítear go forleathan agus atá faoi réir cur chuige áirithe i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 945/2014 ón gCoimisiún ([2]) Ní bheidh na suíomhanna sin ach faoi réir riosca ginearálta agus, dá réir sin, ní dhéanfar iad a thuairisciú i ró 0050.
0040	**Cothromais eile seachas todhchaíochtaí innéacsanna stoic a thrádáiltear ar an stocmhalartán a éagsúlaítear go forleathan** Suíomhanna eile i gcothromas atá faoi réir riosca sonrach agus na ceanglais cistí dílse chomhfhreagracha i gcomhréir le hAirteagal 343 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, lena n-áirítear suíomhanna i dtodhchaíochtaí innéacsanna stoic a láimhseáiltear i gcomhréir le hAirteagal 344(3) den Rialachán sin

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 945/2014 ón gCoimisiún an 4 Meán Fómhair 2014 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le hinnéacsanna arna n-éagsúlú go hiomchuí de réir Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 265, 5.9.2014, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/945/oj).

0050	**RIOSCA SONRACH** Suíomhanna i gcothromas atá faoi réir riosca sonrach agus na ceanglais cistí dílse chomhfhreagracha i gcomhréir le hAirteagal 342 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, lena n-eisiatar suíomhanna i dtodhchaíochtaí innéacsanna stoic a láimhseáiltear i gcomhréir le hAirteagal 344(4), an dara habairt, den Rialachán sin
0090-0130	**CEANGLAIS BHREISE MAIDIR LE ROGHANNA (RIOSCAÍ NEAMHDHEILTE)** Airteagal 329(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 Déanfar na ceanglais bhreise maidir le roghanna a bhaineann le rioscaí neamhdheilte a thuairisciú sa mhodh a úsáidtear chun iad a ríomh.

6. C 22.00 – RIOSCA MARGAIDH: CINEÁLACHA CUR CHUIGE CAIGHDEÁNAITHE I dTaca LE RIOSCA MALAIRTE EACHTRAÍ (MKR SA FX)

6.1. Barúlacha Ginearálta

21. Tuairisceoidh gnólachtaí infheistíochta faisnéis ar na suíomhanna i ngach airgeadra (airgeadra tuairiscithe san áireamh) agus na ceanglais cistí dílse chomhfhreagracha i dtaca le riosca malairte eachtraí a láimhseáiltear faoin gCur Chuige Caighdeánaithe. Déanfar an suíomh a ríomh le haghaidh gach airgeadra (lena n-áirítear EUR), ór, agus suímh i leith CIUnna.

22. Tuairisceofar rónna 0100 go 0470 den teimpléad seo, i gcás ina mbeidh cead ag na gnólachtaí infheistíochta gníomhaíochtaí 3 nó 6 d'Iarscríbhinn I, Roinn A, a ghabhann le Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a dhéanamh ([3]), fiú i gcás nach gceanglaítear ar na gnólachtaí infheistíochta sin ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca malairte eachtraí a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 351 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Sna míreanna meabhráin sin, áirítear na suíomhanna uile san airgeadra tuairiscithe i rónna 0100 go 0470, gan beann ar cibé acu a bhreithnítear nó nach mbreithnítear iad chun críocha Airteagal 354 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Déanfar rónna 0130 go 0470 de na hítimí meabhráin den teimpléad a líonadh isteach ar leithligh le haghaidh airgeadraí uile Bhallstáit an Aontais, airgeadraí GBP, USD, CHF, JPY, RUB, TRY, AUD, CAD, RSD, ALL, UAH, MKD, EGP, ARS, BRL, MXN, HKD, ICK, TWD, NZD, NOK, SGD, KRW, CNY agus gach airgeadra eile.

6.2. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Colúin	
0020-0030	**GACH SUÍOMH (FADA AGUS GEARR)** Suíomhanna comhlána de thoradh sócmhainní, méideanna a bheidh le fáil agus ítimí comhchosúla dá dtagraítear in Airteagal 352(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 I gcomhréir le hAirteagal 352(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus faoi réir chead na n-údarás inniúil, ní thuairisceofar suíomhanna a ghlactar chun fálú in aghaidh éifeacht dhíobhálach an ráta malairte ar a gcóimheasa i gcomhréir le hAirteagal 92(1) den Rialachán sin agus suíomhanna a bhaineann le hítimí a asbhaineadh cheana féin i ríomh na gcistí dílse.
0040-0050	**GLANSUÍOMHANNA (FADA AGUS GEARRA)** Airteagal 352(3), Airteagal 352(4), an chéad dá abairt agus Airteagal 353 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 Ríomhtar na glansuíomhanna de réir gach airgeadra i gcomhréir le Airteagal 352(1) den Rialachán sin. Dá réir sin, féadfar idir shuíomhanna fada agus suíomhanna gearra a thuairisciú an tráth céanna.
0060-0080	**SUÍOMHANNA FAOI RÉIR MUIREAR CAIPITIL** Airteagal 352(4), an tríú habairt agus Airteagail 353 agus 354 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013

([3]) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/oj).

0060-0070	**SUÍOMHANNA FAOI RÉIR MUIREAR CAIPITIL (FADA AGUS GEARRA)** Déanfar na glansuíomhanna fada agus gearra le haghaidh gach airgeadra a ríomh trí iomlán na suíomhanna gearra a asbhaint as iomlán na suíomhanna fada. Suimeofar glansuíomhanna fada le haghaidh gach oibriúcháin in airgeadra chun an glansuíomh fada san airgeadra sin a fháil. Suimeofar glansuíomhanna gearra le haghaidh gach oibriúcháin in airgeadra chun an glansuíomh gearr san airgeadra sin a fháil. Cuirfear suíomhanna neamh-mheaitseáilte in airgeadraí neamhthuairiscithe le suíomhanna atá faoi réir muirear caipitil le haghaidh airgeadraí eile (ró 030) i gcolún 060 nó 070, ag brath ar a socrú gearr nó a socrú fada.
0080	**SUÍOMHANNA ATÁ FAOI RÉIR MUIREAR CAIPITIL (MEAITSEÁILTE)** Suíomhanna meaitseáilte le haghaidh airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le chéile.
0090	**CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE** An muirear caipitil ar aon suíomh ábhartha i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 3, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0100	**MÉID IOMLÁN NA RISÍOCHTA AR RIOSCA** Airteagal 92(6), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Toradh iolrú na gceanglas cistí dílse faoi 12,5.

Rónna	
0010	**SUÍOMHANNA IOMLÁNA** Gach suíomh in airgeadraí neamhthuairiscithe agus na suíomhanna sin san airgeadra tuairiscithe a mheastar chun críocha Airteagal 354 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus a gceanglais cistí dílse chomhfhreagracha le haghaidh an riosca malairte eachtraí dá dtagraítear in Airteagal 92(3), pointe (c)(i), den Rialachán sin, agus Airteagal 352(2) agus (4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 á gcur san áireamh (maidir le comhshó san airgeadra tuairiscithe).
0020	**AIRGEADRAÍ ATÁ COMHGHAOLAITHE GO DLÚTH LE CHÉILE** Suíomhanna agus a gceanglais cistí dílse chomhfhreagracha le haghaidh airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le chéile dá dtagraítear in Airteagal 354 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
0025	**Airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le chéile *ar díobh sin*: airgeadra tuairiscithe** Suíomhanna san airgeadra tuairiscithe a rannchuidíonn le ríomh na gceanglas caipitil i gcomhréir le hAirteagal 354 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
0030	**GACH AIRGEADRA EILE (lena n-áirítear GCanna a láimhseáiltear mar airgeadraí difriúla)** Suíomhanna agus a gceanglais cistí dílse chomhfhreagracha le haghaidh airgeadraí atá faoi réir an nós imeachta ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 351 agus Airteagal 352(2) agus (4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Tuairisciú gnóthas comhinfheistíochta (GCanna) a láimhseáiltear mar airgeadraí ar leithligh i gcomhréir le hAirteagal 353 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: Tá dhá láimhseáil dhifriúla ann maidir le GCanna a láimhseáiltear mar airgeadraí ar leithligh chun na ceanglais chaipitil a ríomh: (a) an modh leasaithe chun ór a láimhseáil, i gcás nach bhfuil treo infheistíocht GCanna ar fáil (cuirfear na GCanna sin le glansuíomh foriomlán na hinstitiúide in airgeadra eachtrach); (b) i gcás ina bhfuil treo infheistíocht GCanna ar fáil, cuirfear na GCanna sin leis an suíomh oscailte iomlán in airgeadra eachtrach (fada nó gearr, ag brath ar threo GC). Leanfaidh tuairisciú na GCanna sin ríomh na gceanglas caipitil.
0040	**Suímh agus a gceanglais cistí dílse chomhfhreagracha le haghaidh airgeadraí atá faoi réir an nós imeachta ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 351 agus i míreanna 2 agus 4 d'Airteagal 352 CRR** Suíomhanna agus a gceanglais cistí dílse chomhfhreagracha le haghaidh airgeadraí atá faoi réir an nós imeachta ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 351 agus Airteagal 352, míreanna 2 agus 4 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

0050 - 0090	**CEANGLAIS BHREISE MAIDIR LE ROGHANNA (RIOSCAÍ NEAMHDHEILTE)** Airteagal 352(5) agus (6) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 Déanfar na ceanglais bhreise maidir le roghanna a bhaineann le rioscaí neamhdheilte a thuairisciú agus iad miondealaithe de réir an mhodha a úsáidtear chun iad a ríomh.
0100-0120	**Miondealú ar na suíomhanna iomlána (airgeadra tuairiscithe san áireamh) de réir cineálacha neamhchosanta** Déanfar suíomhanna iomlána a mhiondealú ina ndíorthaigh, ina sócmhainní eile agus ina ndliteanais eile, agus ina n-ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe.
0100	**Sócmhainní agus dliteanais eile seachas ítimí agus díorthaigh lasmuigh den chlár comhardaithe** Cuirfear suíomhanna, nach bhfuil san áireamh i ró 0110 nó 0120, san áireamh anseo.
0110	**Ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe** Ítimí laistigh de raon feidhme Airteagal 352 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, gan beann ar airgeadra na hainmníochta, a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, cé i moite díobh sin a áirítear mar Idirbhearta Maoiniúcháin Urrús & Idirbhearta Socraíochta Iarchurtha nó ó Ghlanluacháil Trastáirgí Chonarthach.
0120	**Díorthaigh** Suíomhanna a luacháiltear i gcomhréir le hAirteagal 352 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
0130-0470	**MÍREANNA MEABHRÁIN: SUÍOMHANNA AIRGEADRA** Déanfar na míreanna meabhráin den teimpléad a líonadh isteach ar leithligh le haghaidh airgeadraí uile Bhallstáit an Aontais, GBP, USD, CHF, JPY, RUB, TRY, AUD, CAD, RSD, ALL, UAH, MKD, EGP, ARS, BRL, MXN, HKD, ICK, TWD, NZD, NOK, SGD, KRW, CNY agus gach airgeadra eile. Áireofar i ró 0470 suíomhanna in ór agus suíomhanna in GCanna a láimhseáiltear mar airgeadra ar leithligh i gcomhréir le hAirteagal 353(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

7. C 23.00 – RIOSCA MARGAIDH: CINEÁLACHA CUR CHUIGE CAIGHDEÁNAITHE I dTaca LE TRÁCHTEARRAÍ (MKR SA COM)

7.1. Barúlacha Ginearálta

23. Iarrtar faisnéis leis an teimpléad seo ar na suíomhanna i dtráchtearraí agus ar na ceanglais cistí dílse chomhfhreagracha a láimhseáiltear faoin gCur Chuige Caighdeánaithe.

7.2. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Colúin	
0010-0020	**GACH SUÍOMH (FADA AGUS GEARR)** Suíomhanna comhlána fada/gearra a bhreithnítear sa tráchtearra céanna i gcomhréir le hAirteagal 357(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (féach freisin Airteagal 359(1) den Rialachán sin)
0030-0040	**GLANSUÍOMHANNA (FADA AGUS GEARRA)** Dá dtagraítear in Airteagal 357(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0050	**SUÍOMHANNA FAOI RÉIR MUIREAR CAIPITIL** Na glansuíomhanna sin a fhaigheann muirear caipitil, i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige difriúla a bhreithnítear i gCuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 4, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
0060	**CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE** An ceanglas cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 4, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le haon suíomh ábhartha
0070	**MÉID IOMLÁN NA RISÍOCHTA AR RIOSCA** Airteagal 92(6), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Toradh iolrú na gceanglas cistí dílse faoi 12,5.

Rónna	
0010	**SUÍOMHANNA IOMLÁNA I dTRÁCHTEARRAÍ** Suíomhanna i dtráchtearraí agus a gceanglais cistí dílse chomhfhreagracha le haghaidh riosca margaidh a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 92(4), pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 4 den Rialachán sin
0020-0060	**SUÍOMHANNA DE RÉIR CHATAGÓIR AN TRÁCHTEARRA** Chun críoch tuairiscithe, déanfar tráchtearraí a ghrúpáil sna ceithre ghrúpa tráchtearraí dá dtagraítear in Airteagal 361, Tábla 2, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
0070	**CUR CHUIGE AN DRÉIMIRE AIBÍOCHTA** Suíomhanna i dtráchtearraí atá faoi réir chur chuige an dréimire aibíochta dá dtagraítear in Airteagal 359 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0080	**CUR CHUIGE AN DRÉIMIRE AIBÍOCHTA SÍNTE** Suíomhanna i dtráchtearraí atá faoi réir chur chuige an dréimire aibíochta sínte dá dtagraítear in Airteagal 361 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0090	**CUR CHUIGE SIMPLITHE** Suíomhanna i dtráchtearraí atá faoi réir an chur chuige shimplithe dá dtagraítear in Airteagal 360 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0100-0140	**CEANGLAIS BHREISE MAIDIR LE ROGHANNA (RIOSCAÍ NEAMHDHEILTE)** Airteagal 358(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 Déanfar na ceanglais bhreise maidir le roghanna a bhaineann le rioscaí neamhdheilte a thuairisciú sa mhodh a úsáidtear chun iad a ríomh.

8. C 24.00 - SAMHAIL INMHEÁNACH I LEITH RIOSCA MARGAIDH (MKR IM)

8.1. Barúlacha Ginearálta

24. Soláthraítear miondealú leis an teimpléad seo ar fhigiúirí VaR agus VaR struis (sVaR) de réir na rioscaí éagsúla margaidh (fiachas, cothromas, malairt eachtrach, tráchtearraí) agus faisnéis eile is ábhartha chun na ceanglais cistí dílse a ríomh.

25. Go ginearálta, braitheann sé ar struchtúr shamhail na ngnólachtaí infheistíochta cibé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh na figiúirí i dtaca le riosca ginearálta agus riosca sonrach a chinneadh agus a thuairisciú ar leithligh nó mar iomlán amháin. Is amhlaidh sin freisin maidir le dí-chomhdhéanamh an VaR / VaR-Struis sna catagóirí riosca (riosca an ráta úis, riosca cothromais, riosca tráchtearraí agus riosca malairte eachtraí). D'fhéadfadh institiúid staonadh ón dí-chomhdhéanaimh sin a thuairisciú má chruthaíonn an institiúid sin go mbeadh tuairisciú na bhfigiúirí sin ródhian.

8.2. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Colúin	
0030-0040	**Luach faoi Riosca (VaR)** Ciallaíonn VaR an t-uaschaillteanas féideartha a d'eascródh as athrú i bpraghas le dóchúlacht áirithe thar thréimhse ionchasach shonrach.
0030	**Fachtóir iolrúcháin (mc) x Meán an 60 lá oibre roimhe VaR (VaRavg)** Airteagal 364(1), pointe (a)(ii) agus Airteagal 365(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0040	**VaR an lae roimhe (VaRt-1)** Airteagal 364(1), pointe (a)(i) agus Airteagal 365(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0050-0060	**VaR Struis** Ciallaíonn VaR Struis an t-uaschaillteanas féideartha a d'eascródh as athrú i bpraghas lena mbaineann dóchúlacht áirithe thar thréimhse ionchasach shonrach a fhaightear trí ionchur a úsáid a chalabraítear de réir sonraí stairiúla ó thréimhse leanúnach 12 mhí de strus airgeadais is ábhartha do phunann na hinstitiúide.

0050	**Fachtóir iolrúcháin (ms) x Meán an 60 lá oibre roimhe sin (SVaRavg)** Airteagal 364(1), pointe (b)(ii) agus Airteagal 365(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0060	**An ceann is déanaí atá ar fáil (SVaRt-1)** Airteagal 364(1), pointe (b)(i) agus Airteagal 365(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0070-0080	**MUIREAR CAIPITIL AR RIOSCA INCRIMINTEACH MAINNEACHTANA AGUS IMIRCE** Ciallaíonn muirear caipitil ar riosca incriminteach mainneachtana agus imirce an t-uaschaillteanas féideartha a d'eascródh as athrú i bpraghas atá nasctha le rioscaí mainneachtana agus imirce a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 364(2), pointe (b) i gcomhar le Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 5, Roinn 4, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
0070	**Tomhas meánach 12 sheachtain** Airteagal 364(2), pointe (b)(ii) i gcomhar le Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 5, Roinn 4, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0080	**Tomhas Deireanach** Airteagal 364(2), pointe (b)(i) i gcomhar le Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 5, Roinn 4, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0090-0110	**MUIREAR CAIPITIL AR RIOSCAÍ PRAGHAIS UILE LE hAGHAIDH CTP**
0090	**ÍOSRÁTA ÚIS** Airteagal 364(3), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 8 % den mhuirear caipitil a ríomhfaí i gcomhréir le hAirteagal 338(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 do gach suíomh sa mhuirear caipitil 'rioscaí praghais uile.
0100-0110	**TOMHAS MEÁNACH 12 SHEACHTAIN AGUS TOMHAS DEIREANACH** Airteagal 364(3), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0110	**TOMHAS DEIREANACH** Airteagal 364(3), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0120	**CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE** Ceanglais cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 364 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le gach fachtóir riosca, agus éifeachtaí comhghaolaithe á gcur san áireamh, i gcás inarb infheidhme, móide riosca incriminteach mainneachtana agus imirce agus rioscaí praghais uile le haghaidh CTP, ach gan na muirir chaipitil urrúsúcháin a áireamh i dtaca le hurrúsúchán agus le díorthach creidmheasa don n-ú mainneachtain de réir Airteagal 364(2) den Rialachán sin
0130	**MÉID IOMLÁN NA NEAMHCHOSANTA AR RIOSCA** Airteagal 92(6), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Toradh iolrú na gceanglas cistí dílse faoi 12,5.
0140	**Líon na róluaineachtaí (le linn an 250 lá oibre roimhe sin)** Dá dtagraítear in Airteagal 366 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 Tuairisceofar líon na róluaineachtaí ar a ndéanfar an tsuimeann a chinneadh. I gcás ina gceadófar do ghnólachtaí infheistíochta róluaineachtaí áirithe a eisiamh ó ríomh na suiminne i gcomhréir le hAirteagal 500c de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, beidh líon na róluaineachtaí a thuairisceofar sa cholún seo glan ar na róluaineachtaí eisiata sin.
0150-0160	**Fachtóir Iolrúcháin VaR (mc) agus Fachtóir Iolrúcháin SVaR (ms)** Dá dtagraítear in Airteagal 366 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 Tuairisceofar na fachtóirí iolrúcháin is infheidhme go héifeachtach maidir le ceanglais cistí dílse a ríomh; i gcás inarb infheidhme, tar éis Airteagal 500c de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chur i bhfeidhm.
0170-0180	**MUIREAR TOIMHDITHE LE hAGHAIDH ÍOSLEIBHÉAL CTP – GLANSUÍOMHANNA UALAITHE FADA/GEARRA TAR ÉIS NA CAIDHPE** An méid a thuairiscítear atá ina bhonn chun íosleibhéal an mhuirir caipitil a ríomh i dtaca le rioscaí praghais uile i gcomhréir le hAirteagal 364(3), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus an rogha a leagtar amach in Airteagal 335 den Rialacháin sin á cur san áireamh, lena sonraítear go bhféadfaidh an institiúid caidhp a chur ar thoradh an ualaithe agus an ghlansuímh ag uasleibhéal féideartha an chaillteanais a bhaineann le riosca mainneachtana.

Rónna	
0010	**SUÍOMHANNA IOMLÁNA** Comhfhreagraíonn sin don chuid de riosca an tsuímh, de riosca malairte eachtraí agus de riosca tráchtearraí dá dtagraítear in Airteagal 363(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 atá nasctha leis na fachtóirí riosca dá dtagraítear in Airteagal 367(2) den Rialachán sin. Maidir leis na colúin 0030 go dtí 0060 (VAR agus VAR Struis), níl na figiúirí sa ró iomlán cothrom le dí-chomhdhéanamh na bhfigiúirí le haghaidh VaR/VaR Struis na gcomhpháirteanna ábhartha riosca.
0020	**IONSTRAIMÍ FIACHAIS TRÁDÁILTE** Comhfhreagraíonn sin don chuid de riosca an tsuímh dá dtagraítear in Airteagal 363(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, atá nasctha leis na fachtóirí riosca rátaí úis dá dtagraítear in Airteagal 367(2), pointe (a), den Rialachán sin.
0030	**TDI – RIOSCA GINEARÁLTA** Comhpháirt riosca ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 362 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0040	**TDI – RIOSCA SONRACH** Comhpháirt riosca shonraigh dá dtagraítear in Airteagal 362 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0050	**COTHROMAIS** Comhfhreagraíonn sin don chuid de riosca an tsuímh dá dtagraítear in Airteagal 363(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, atá nasctha leis na fachtóirí riosca cothromais dá dtagraítear in Airteagal 367(2), pointe (c), den Rialachán sin.
0060	**COTHROMAIS – RIOSCA GINEARÁLTA** Comhpháirt riosca ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 362 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0070	**COTHROMAIS – RIOSCA SONRACH** Comhpháirt riosca shonraigh dá dtagraítear in Airteagal 362 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0080	**RIOSCA MALAIRTE EACHTRAÍ** Airteagail 363(1) agus Airteagal 367(2), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0090	**RIOSCA TRÁCHTEARRAÍ** Airteagail 363(1) agus Airteagal 367(2), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0100	**MÉID IOMLÁN LE hAGHAIDH RIOSCA GINEARÁLTA** Riosca margaidh arb iad gluaiseachtaí ginearálta margaidh ionstraimí fiachais trádáilte, cothromais, malairte eachtraí agus tráchtearraí is cúis leis. VaR le haghaidh riosca ginearálta gach fachtóra riosca (agus éifeachtaí comhghaolaithe á gcur san áireamh i gcás inarb infheidhme)
0110	**MÉID IOMLÁN LE hAGHAIDH RIOSCA SONRACH** Comhpháirt riosca shonraigh d'ionstraimí fiachais trádáilte agus cothromais. VaR le haghaidh riosca sonrach cothromas agus ionstraimí fiachais trádáilte an leabhair trádála (agus éifeachtaí comhghaolaithe á gcur san áireamh i gcás inarb infheidhme)'